C/2025/952

6.2.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2025/952)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Caralhotas de Almeirim’

Uimh. AE: PGI-PT-02622 — 21.7.2020

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Caralhotas de Almeirim’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Phortaingéil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 2.3. Arán, pastaetha, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara

3.2. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

1905 Arán, taosrán, cácaí, brioscaí agus earraí eile báicéirí, bíodh cócó iontu nó ná bíodh;

3.3. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is rollaí aráin iad ‘Caralhotas de Almeirim’, a mbíonn 15 cm ar trastomhas ar an meán, a mbíonn cruth cruinn orthu agus crústa donn briosc agus croí tuathúil ina gcodanna díobh, agus a mbíonn pócaí aeir idir beag agus meánmhéide iontu nuair a dhéantar iad a bhácáil.

- Fad agus leithead: Bíonn cruth cruinn ar ‘Caralhotas de Almeirim’, agus bíonn siad 15 cm ar trastomhas ar an meán.

- Cuma: bíonn crústa briosc ina gcuid díobh a mbíonn dath orthu atá idir blaoscach agus donn (ag brath ar a dhea-bhácáilte atá sé) mar aon le croí tuathúil atá dlúth éadrom, a mbíonn pócaí aeir idir beag agus meánmhéide ann agus a mbíonn dath air atá idir bán agus blaoscach.

Ar an mbonn tráchtála, cuirtear ‘Caralhotas de Almeirim’ i láthair ina n-iomláine agus iad bácáilte.

Comhábhair:

— Plúr cruithneachta – cineál 55 nó cineál 65 nó a leithéid;

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

— Giosta aráin agus/nó taos tosaithe – taos ón lá roimhe a fhágtar le hardú (thart ar 1 % in aghaidh gach 100 kg de phlúr);

— Uisce (50–65 % in aghaidh gach 100 kg de phlúr);

— Salann (1,5 % in aghaidh gach 100 kg de phlúr).

3.4. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Déantar 'Caralhotas de Almeirim' as plúr cruithneachta, giosta aráin, uisce agus salann. Féadfar taos tosaithe – taos ón lá roimhe a fhágtar le hardú – a úsáid freisin.

3.5. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Meascadh na gcomhábhar, fuineadh, ardú agus gearradh an taois, agus bácáil.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Díoltar 'Caralhotas de Almeirim' ina n-iomláine agus ina n-aonar agus iad pacáistithe i málaí páipéir más féidir, nó i bpacáistíocht iomchuí eile. Ní mór go gcomhlíonann na hábhair phacáistíochta a úsáidtear an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

3.7. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar lipéadú 'Caralhotas de Almeirim' i gcónaí:

'Caralhota de Almeirim IGP' [TGFC Caralhota de Almeirim] nó 'Caralhota de Almeirim Indicação Geográfica Protegida' [Tásc Geografach faoi Chosaint Caralhota de Almeirim], in éineacht le lógó TGFC an Aontais.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Bardas Almeirim.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc idir 'Caralhotas de Almeirim' agus an limistéar geografach bunaithe go bunúsach ar chlú an ainm.

De réir na staraithe, tháinig 'Caralhotas de Almeirim' ar an bhfód den chéad uair sa 19ú haois nó i dtús an 20ú haois: 'Bhí plúr acu, bhí báicéirí ann agus ó bhí an 16ú haois ann, bhí oighinn sa bhardas. I gceantar tuaithe bocht, rinneadh arán sa bhaile chun an teaghlach a bheathú. 'Deus te acrescente que és para muita gente' [go dtuga Dia ort éirí mar go gcaithfidh tú a lán daoine a bheathú] a deireadh an báicéir agus an taos á laibhíniú agus an t-arán á bhácáil aige, chun an séan a mhealladh agus a áirithiú go n-ardódh an builín.

Téann traidisiún 'Caralhotas de Almeirim' siar i bhfad agus tá sé bainteach le riachtanais na ndaoine, a dhéanadh, gan mórán acmhainní, arán sa bhaile chun an teaghlach a bheathú. An tráth sin, bhíodh a n-oigheann féin ag na teaghlaigh ba bhoichte sa bhaile agus dhéanaidís arán, a choinnídís i málaí éadaigh chun iad a ithe i rith na seachtaine.

In 2018, dúirt an comhairleoir bardais a bhí freagrach as an gcultúr, ar staraí é freisin: 'Bhíodh píosaí taois fágtha greamaithe den *alguidar* [babhla, a dhéantaí as chré-earraí go traidisiúnta] agus ní fhéadfaí aon rud a chur amú, mar sin dhéantaí na píosaí taois a mhúnlú ina liathróidí agus dhéantaí iad a bhácáil'. Dhéantaí 'Caralhota de Almeirim' mar bhealach chun a áirithiú nach gcuirtí aon taos amú, agus tá an t-ainm bainteach leis na bobailíní a chruthaítear ar gheansaithe olla, dtugtaí muintir na háite *caralhotas* orthu, toisc go raibh dealramh acu leis na píosaí taois a bhíodh fágtha sna babhlaí. I leabhar de chuid Paulo Moreiras dar teideal *Pão & Vinho: Mil e uma histórias de comer e beber*, sa chaibidil dar teideal 'Volta a Portugal Através do Pão', déanann sé nasc freisin idir an *caralhota* agus na bobailíní ar gheansaithe olla, i réigiún Almeirim.

Tá sainiúlacht ‘Caralhotas de Almeirim’ nasctha freisin le saineolas na ndaoine áitiúla maidir leis an taos a ullmhú agus na comhábhair a chothromú i gceart: cuireann tú an plúr i mbabhla, déanann tú tobar sa lár agus cuireann tú giosta aráin isteach. Ansin cuir an salann agus an t-uisce isteach. Déantar iad sin a mheascadh le chéile de láimh nó trí úsáid a bhaint as buailteoir, agus is féidir taos tosaithe ón lá roimhe a chur isteach (nó a mhalairt). Ansin cuireann tú tuilleadh uisce isteach agus tosaíonn tú ag fuineadh, ‘ag tarraingt na n-imill’, go dtí go n-éiríonn an taos leaisteach, go dtosaíonn boilgeoga ag teacht i láthair agus go scoitear den bhabhla é. Is é roghnú agus cothromaíocht cheart na gcomhábhar, móide breithiúnas a thabhairt ar an ardú – a bhraitheann ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear taos tosaithe isteach – a thugann an crústa agus an croí sainiúil don arán ar a dtugtar tuairisc thuas.

Is rollaí aráin iad ‘Caralhotas de Almeirim’ atá an-teann agus blasta. Déantar an taos ar bhealach chun arán a tháirgeadh a bhíonn trom go hiondúil ina mbíonn croí tathagach agus ar a mbíonn crústa an-bhriosc, de thoradh é a bhácáil in oigheann an-te. Is iad na saintréithe sin an difríocht idir é agus táirgí bácála comhchosúla eile.

Is le forbairt thionscal na mbialann in Almeirim a thuill ‘Caralhotas de Almeirim’ iomrá agus clú dóibh féin, ar limistéar é ina bhfuil traidisiúin láidre chócaireachta, atá fós beo sa lá atá inniu ann. Gabhann agus comhlánaíonn an t-arán beag bídeach seo le ‘Sopa da Pedra’, a bhfuil an cháil chéanna air, agus ba iad na bialanna a thosaigh a n-arán féin a dhéanamh agus a riar mar chuid den mhias traidisiúnta sin.

Sa lá atá inniu ann, bíonn ‘Caralhotas de Almeirim’ ar bhiachláir i gcónaí i mbardas Almeirim, agus is féidir teacht orthu i gcónaí ag aontaí, seónna agus imeachtaí bardais, amhail an fhéile ‘Festival Nacional de Gastronomia’ agus féile ‘Sopa da Pedra’, arb í an ócáid is mó a reáchtáiltear i mbardas Almeirim.

Gach bliain, reáchtálann bardas Almeirim féile ‘Sopa da Pedra’, arb í an ócáid phoiblí is mó a reáchtáiltear sa bhardas í chun Almeirim, a chuid nósanna agus sainbhianna cócaireachta suntasacha a chur chun cinn, lena n-áirítear ‘Sopa da Pedra’, ‘Caralhotas de Almeirim’ agus ‘Melão de Almeirim’. Téann na mílte daoine go Almeirim chun na dea-bholaithe a bholadh agus chun uigeachtaí uathúla miasa tipiciúla Almeirim a bhlaiseadh, amhail ‘Sopa da Pedra’ agus ‘Caralhotas de Almeirim’. Le linn na féile, chuir ball den rialtas a thuairim faoin ócáid in iúl, is é sin meascán de thrí ghné mar atá an talmhaíocht, an ghastranómachas agus an turasóireacht, rud a leagann béim ar a thábhachtaí atá sé don gheilleagar réigiúnach agus chun Almeirim a chur chun cinn. Thairis sin, ag féile ‘Sopa da Pedra’ 2023, dheimhnigh Méara Almeirim gurb é ‘Caralhotas de Almeirim’ an t-aon arán atá ar fáil ag an bhféile agus chuir sé i dtábhacht an tiomantas do thraidisiúin áitiúla a chaomhnú.

Tá riamh anall ag ‘Caralhotas de Almeirim’ le ‘Sopa da Pedra’, is é sin go ndéantar é a riar mar thionlacan leis an anraith sin nó go ndéantar é a riar le béile. Itheann na mílte daoine béile arb éard atá ann ‘Sopa da Pedra’ agus ‘Caralhota de Almeirim’ agus stéig muiceola thanaí ar an taobh istigh ag an bhféile nó i mbialanna.

Dá bhrí sin, ó thaobh na socheacnamaíochta de, tá tábhacht ar leith ag baint le táirgeadh ‘Caralhotas de Almeirim’ a choinneáil ar bun, ní hamháin toisc go gcruthaíonn sé poist agus go gcoinníonn sé daoine ag obair, go díreach nó go hindíreach, ach toisc gur féidir le tomhaltóirí a bheith cinnte freisin go bhfuil táirge traidisiúnta de cháilíocht ráthaithe á cheannach acu. An 11 Deireadh Fómhair 2018, thuairiscigh an suíomh nuachta Rede Regional gur díoladh 3 mhilliún *caralhotas* in aghaidh na bliana in Almeirim.

Cuireann féile ‘Sopa da Pedra’ táirgí áitiúla chun cinn ag a bhfuil ainmniúcháin atá faoi chosaint nó atá ar a mbealach le bheith faoi chosaint. Is é sin an fáth, i dteannta ‘Sopa da Pedra’, gurb é ‘Caralhotas de Almeirim’ an t-aon arán is féidir a ithe agus gurb é ‘Melão de Almeirim’ an t-aon mhealbhacán a cheadaítear. Tugadh phoiblíocht nach beag don nasc idir ‘Caralhotas de Almeirim’ agus ‘Sopa da Pedra’ i gcaitheamh na mblianta ar gach ardán cumarsáide, idir theilifís agus na meáin shóisialta.

Is cuid lárnach iad ‘Caralhotas de Almeirim’ d’fhéiniúlacht agus de chur chun cinn Almeirim agus seasann siad amach ag imeachtaí réigiúnacha, amhail ‘Feira do Montado’, agus féilte áitiúla in Alpiarça agus Santarém. Bíonn siad an-feiceálach ag imeachtaí amhail an tAonach Náisiúnta Talmhaíochta, inar leagadh an-bhéim ar Almeirim, agus inar díríodh ar ‘Caralhotas de Almeirim’ go háirithe. Bhí siad le feiceáil ar an teilifís freisin, amhail ar an gclár ‘Praça da Alegria’, a chraol an craoltóir náisiúnta RTP, agus ar Rede Regional TV, ar a ndearna cuairteoirí eachtracha iarracht an ‘Caralhotas de Almeirim’ iomráiteach a dhéanamh le linn na Féile Idirnáisiúnta Béaloidis.

Ag Aonach Turasóireachta Liospóin, chuir bardas Almeirim ‘Caralhotas de Almeirim’, ‘Sopa da Pedra’, ispíní agus fíonta áitiúla os comhair an phobail, aonach ar thug pearsana poiblí amhail Uachtarán na Portaingéile agus Aire an Gheilleagair cuairt air, rud a sheas amach mar bhuaicphointe de láithreacht Almeirim ag an imeacht turasóireachta náisiúnta sin.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

https://tradicional.dgadr.gov.pt/pt/cat/pao-e-produtos-de-panificacao/1076-caralhotas-de-almeirim